C/2025/4695

25.8.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/4695)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Spišská borovička’

PGI-SK-01824-AM01 — 26 Bealtaine 2025

1. **Ainm an táirge**

‘Spišská borovička’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☐ Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC)

☒ Tásc Geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☒ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an tSlóvaic

5. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

De bhun Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ní mheastar gur leasú ar leibhéal an Aontais é an leasú a ndearnadh iarratas ina leith toisc nach bhfuil athrú ar ainm ná ar aon chuid den ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach, ná ar an ainm dlíthiúil i gceist leis; níl riosca ann go gcuirfeadh sé an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní agus níl tuilleadh srianta ar mhargú an táirge i gceist leis.

6. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Oifig Maoine Intleachtúla Phoblacht na Slóvaice

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Sa chomhad teicniúil, faoi ‘Tuairisc ar an deoch bhiotáilleach’, léiríodh gurb é 0.5 l agus 0.7 l toirt na mbuidéal ina líontar ‘Spišská borovička’ ar dtús.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Is mar a leanas foclaíocht bhunaidh na tuairisce ar an deoch bhiotáilleach (an tríú habairt de phointe 5 den doiciméad aonair):

'Cuirtear i mbuidéil ghloine 0.5 l nó 0.7 l é a bhfuil claibín alkork orthu.'

Leagan nua:

'Líontar é i mbuidéil ghloine a bhfuil claibíní orthu.'

Eascraíonn an leasú ó éileamh an mhargaidh agus ó éileamh na dtomhaltóirí.

Achoimre ar na cúiseanna a bhfuil gá leis an leasú

Sa chomhad teicniúil, faoi 'Tuairisc ar an deoch bhiotáilleach', léiríodh gurb é 0.5 l agus 0.7 l toirt na mbuidéal ina líontar 'Spišská borovička' ar dtús. I bhfianaise éileamh tomhaltóirí agus margaidh ar mhéideanna éagsúla buidéal, iarrann an grúpa táirgeoirí na luachanna sin a scriosadh ón gcomhad teicniúil.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Spišská borovička

2. **Tír (Tíortha) an iarratasóra**

An tSlóvaic

3. **Cineál an táisc gheografaigh**

Tásc Geografach (TG)

4. **Catagóir nó catagóirí na dí biotáillí**

19. Deochanna biotáilleacha faoi bhlas aitil

4.1 *Cód AC*

— 22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2208 — Alcól eitile gan dínádúrú ar lú ná 80 % a neart alcóil de réir toirte; biotáillí, licéir agus deochanna biotáilleacha eile

5. **Tuairisc ar an deoch bhiotáilleach**

Is deoch bhiotáilleach é Spišská borovička ina bhfuil neart alcóil 40 % de réir toirte, a bhfuil blas agus boladh suntasach air a bhaineann leis an aiteal coiteann (*Juniperus communis* L.) nó *Juniperus oxicedris* L. Is leacht glan é atá saor ó dhríodar agus moirtiúlacht a bhfuil thart ar chúig chaora aitil choitinn thriomaithe nó craobhóg aitil choitinn ann. Líontar i mbuidéil ghloine é a bhfuil claibíní orthu. Cuireann láisteadh na gcaor aitil nó craobhóige aitil choitinn dath buí éadrom ar an deoch bhiotáilleach. Ní úsáidtear ach amhábhair nádúrtha – biotáille ghráin ardcháilíochta, driogáit aitil, *bonificateur* aitil, siúcra inbhéartaithe leachtach, uisce óil cóireáilte agus caora aitil choitinn nó craobhóga aitil choitinn ón limistéar geografach sainithe – chun Spišská borovička a tháirgeadh. Tagann an t-uisce a úsáidtear chun Spišská borovička a tháirgeadh ó fhoinsí dea-cháilíochta sa réigiún Fo-Tatra agus tá íonacht agus soiléireacht aige atá cosúil le criostal, mar gheall ar na hachair fhada faoi thalamh a shreabhann sé, as a n-iompraítear glár idir gaineamh dúrabháin agus gairbhéil ghainmheach agus a chuidíonn le hairíonna orgánaileipteacha an táirge chríochnaithe a chinneadh.

Déantar idirdhealú idir 'Spišská borovička' agus deochanna eile sa chatagóir ábhartha go príomha de bhua na n-amhábhar ón limistéar geografach sainithe a úsáidtear, an saineolas driogtha atá tagtha chun cinn le blianta fada, agus próisis speisialta, amhail táirgeadh traidisiúnta driogáite aitil agus *bonificateur* aitil speisialta (feabhsaitheoir blais) agus caora aitil triomaithe nó craobhóga aitil a úsáid.

Is é an cion sainithe driogáite aitil sa táirge críochnaithe go háirithe a thugann blas sainiúil don táirge.

Saintréithe ceimiceacha agus fisiceacha Eatánóil: 39.7–40.3 % de réir toirte.

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma – leacht glan atá saor ó dhríodar agus moirtiúlacht, saor ó eisíontais mheicniúla agus eile, ina bhfuil caora aitil choitinn triomaithe nó craobhóga aitil choitinn ar snámh ann.

Dath – beagán scothbhuí; tá dath dorcha ar na caora aitil agus ar na craobhóga aitil.

Dea-bholadh agus blas – deas séimh mar is gnách don aiteal, saor ó bholaithe agus ó bhlasanna coimhthíocha.

Saintréithe sonracha na dí biotáillí i gcomparáid leis an gcatagóir ábhartha

Saintréith de Spišská borovička is ea blas agus dea-bholadh caor aitil dar gnách a bheith dian ach atá nádúrtha agus éadrom mar sin féin, a dhíorthaítear ó dhriogáit aitil a tháirgtear de réir oideas traidisiúnta agus ó *bonificateur* aitil speisialta a chur leis, ar maothú nádúrtha é de chaora aitil a shaibhrítear le bláthola aitil a fhaightear le linn an phróisis driogtha. Is teirpéiní iad dea-bholadh agus comhpháirteanna blais na driogáite aitil den chuid is mó, agus is iad sin a thugann a dhea-bholadh agus a shearbhas saintréithiúil do Spišská borovička. Tugann na caora aitil triomaithe nó na craobhóga aitil choitinn a chuirtear le gach buidéal le linn a líonta saintréith ar leith dó, nithe nach blas breise amháin a thugann siad dó ach dath an-éadrom freisin.

Gné shonrach den táirge is ea stair fhada a tháirgthe i réigiún Spiš, áit a dtugann an tír-raon sléibhtiúil agus dálaí sonracha ithreach agus aeráide saintréithe cáilíochta eisceachtúla don aiteal coiteann, rud a thugann cion measartha ard teirpéiní pinéine, lena n-áirítear saibinéin, cion ard bláthola aitil sna caora úra (arna ríomh le hábhar tirim), agus cion ard substaintí aramatacha eile dó. A bhuí le scil iontach na seanmháistreoirí agus leis na feabhsuithe leanúnacha ar theicneolaíocht táirgthe thar na céadta blianta de tháirgeadh traidisiúnta na dí seo in Spiš, tá modh táirgthe traidisiúnta againn anois a ráthaíonn blas agus sainiúlacht uathúil Spišská borovička.

6. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá limistéar geografach Spiš sonrach mar gheall ar fhorbairt stairiúil uathúil Spišská župa, contae ina bhfuil 16 bhaile. Tá comhshaol nádúrtha sainiúil ann, ar limistéar sléibhtiúil é den chuid is mó ina bhfuil aeráid atá measartha crua. Tá sé comhdhéanta sa lá atá inniu ann de na ceantair Spišská Nová Ves, Stará Ľubovňa, Poprad, Levoča, Kežmarok agus Gelnica, ceantair trína ritheann aibhneacha Hornád, Hnilec, Dunajec agus Poprad. Ar teorainn leis ó thuaidh tá sléibhte Spišská Magura, Pieniny agus Ľubovnianska Vrchovina, ó dheas le Volovské Vrchy, san iarthar le Tatra Thoir agus Belianske agus ar an taobh thoir ag an Ľubotínska Pahorkatina, Spišsko-Šarišské Medzihorie agus Levočské Vrchy. Bunaíodh teorainneacha stairiúla Spiš chomh fada siar leis an gcéad chéad. Sa 12ú agus sa 13ú céad, leathnaigh sé chun Zamagurie, Podolínec, Hniezdne agus Stará Ľubovňa a chuimsiú, rud a chruthaigh teorainn ó thuaidh a mhair gan athruithe móra go dtí tús an 20ú céad. Sa leath deireanach den 12ú céad, bhain Spiš méid áirithe neamhspleáchais amach agus rinneadh contae ar leith de.Go stairiúil, roinneadh Spiš ina thrí fholimistéar. Is éard atá i Spiš thuaidh limistéar Stará Ľubovňa agus Zamagurie, agus cruthaítear Spiš láir le habhantrach Poprad agus na Fo-Tatras. Tugtar deisceart Spiš ar an talamh atá á uisciú ag Hornád agus a craobh-aibhneacha.

7. **Modh táirgthe na dí biotáillí**

Tosaíonn an próiseas chun an deoch bhiotáilleach a dhéanamh le glacadh agus rialú cáilíochta na n-amhábhar, is é sin biotáille, driogáit aitil, *bonificateur* aitil, siúcra inbhéartaithe leachtach agus caora aitil choitinn triomaithe nó craobhóga aitil choitinn.

Táirgtear an bhiotáille a úsáidtear chun Spišská borovička a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe. Is próiseas táirgthe ar leith atá i gceist mar gheall ar an teicneolaíocht chasta a úsáidtear sa drioglann; tosaíonn sé le coipeadh an mhaistreáin agus lena dhriogadh ina dhiaidh sin le córas casta driogtha a bhfuil cúig bhunroinn agus brúnna éagsúla i gceist leis, rud a fhágann gur féidir teas a úsáid go barainneach. Tosaíonn an próiseas iomlán sa roinn déanta maistreáin agus leanann sé ar aghaidh sa roinn íonúcháin, aisti sin tagtar ar an roinn cheartdealaithe, áit as a sreabhann an driogáit isteach sa cholún deiridh tríd an roinn scagtha, nó gur deoch bhiotáilleach ardcháilíochta é an táirge deiridh. Is ó shaothraithe áitiúla den chuid is mó a thagann an grán agus áirithítear a cháilíocht, cosúil le cáilíocht an táirge deiridh, le córas rialaithe cáilíochta deimhnithe a chomhlíonann caighdeáin ISO 22000:2005 agus AGPRC.

Sula dtéann sé isteach sa phróiseas, déantar uisce a chóireáil ag gléasra bogtha, áit a mbaintear as a chruas carbónáite agus ina ndéantar é a dhímhianrú ina dhiaidh sin le haonad cúlosmóise.

Déantar an driogáit aitil trí mhaistreán aitil a dhriogadh. Ullmhaítear maistreán aitil trí chaora aitil a mhuilleáil i muileann boird, an mhin a chur i ndabhcha coipthe, uisce bogthe a chur isteach agus iad a mheascadh go críochnúil. Cuirtear cothaithigh agus giosta isteach agus ullmhaítear an maistreán aitil. Tar éis coipeadh, cuirtear biotáille neodrach scagtha isteach. Úsáidtear stil thréimhsiúil a bhfuil corraitheoir agus gaiste ola aitil uirthi chun maistreán aitil coipthe agus an bhiotáille scagtha a dhriogadh isteach i ndriogáit amh. Ceartdealaítear é sin chun an driogáit aitil a fháil – táirge idirmheánach cumaiscthe. Stóráiltear é i soithí adhmaid nó cruach dosmálta.

Táirgtear *bonificateur* aitil trí chaora aitil a mhaothú i mbiotáille agus tríd an bláthola aitil a fhaightear le linn an phróisis driogtha a chur leis.

Úsáidtear siúcra inbhéartaithe leachtach ina bhfuil dlús Brix 70-75° le haghaidh milsiú. Ullmhaítear é tríd an siúcra a thuaslagadh in uisce i ndabhach déchumhdaithe cruach dosmálta, le corraitheoir, arna théamh le gal ardbhrú. A luaithe a thosaíonn an tuaslagán ag fiuchadh, cuirtear aigéad citreach leis. Tar éis fiuchta, scagtar an tsíoróip trí scagaire garbh isteach in umar stórála.

Próiseas teicneolaíochta

Roimh tháirgeadh, déantar uisce óil a chóireáil in aonad bogtha. Measctar cainníocht thomhaiste biotáille leis an gcainníocht riachtanach driogáite aitil, *bonificateur* agus siúcra inbhéartaithe leachta, agus cuirtear uisce óil leis chun an sainmheáchan is gá a bhaint amach. Tar éis an cion eatánóil a mheascadh agus a rialú go críochnúil, déantar é a shiofónadh isteach in umar stórála, áit a gcumascann sé agus ina seasann sé ar feadh 14 lá ar a laghad. Tar éis tástáil orgánaileipteach agus anailíseach a dhéanamh i saotharlann na monarchan, tugtar an t-ordú chun é a tharraingt le haghaidh pacáistiú tomhaltóirí. Sa chéim dheiridh, déantar an deoch bhiotáilleach chríochnaithe a scagadh agus a bhuidéalú, agus cuirtear caora aitil nó craobhóga aitil choitinn leis de láimh.

Tarlaíonn an próiseas táirgthe iomlán – ó roghnú soláthróirí amhábhar go ceannach, rialú ionchuir, meascadh, rialú céim ar chéim, scagachán, buidéalú, séalú, lipéadú, rialú aschuir, pacáistiú le haghaidh mórdhíola (i mboscaí) agus stóráil – sa limistéar geografach sainithe chun athruithe ar cháilíocht an táirge chríochnaithe a chosc nuair a chuirtear caora aitil triomaithe nó craobhóga aitil choitinn leis, a gcuireann a láisteadh dlaoi mhullaigh ar cháilíocht shonrach an táirge chríochnaithe. Déantar an deoch bhiotáilleach a tháirgeadh agus a bhuidéalú sa ghléasra céanna, agus dá bhrí sin ní gá í a iompar. Cé go bhfuil táirgeadh Spišská borovička déanta ag roinnt gnóthas éagsúil i réigiún Spiš, tá an próiseas táirgthe fós gan athrú a bheag nó a mhór go dtí an lá atá inniu ann.

8. **Rialacha sonracha maidir le pacáistíocht**

—

9. **Rialacha sonracha maidir le lipéadú**

—

10. **Tuairisc ar an nasc idir an deoch bhiotáilleach agus a tionscnamh geografach, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, gnéithe sonracha tuairisce an táirge nó modh táirgthe lena dtugtar údar leis an nasc.**

Is ann do réigiún Spiš mar thoradh ar fhorbairt stairiúil uathúil an limistéir. Tá comhshaol nádúrtha sainiúil ann, ar limistéar sléibhtiúil é den chuid is mó ina bhfuil aeráid atá measartha crua.

Mar thoradh ar dhálaí ithreach agus aeráide tá flúirse nádúrtha d'aiteal coiteann (*Juniperus communis*) ann, a bhí ina réamhriachtanas lena úsáid i dtáirgeadh na driogáite traidisiúnta. Úsáideadh é sin ar dtús mar éilicsir díleách. Níos déanaí, nuair a tháinig tithe stile agus drioglanna ar an bhfód, tharla sé go raibh an-tóir air mar dheoch a raibh teacht ag an bpobal i gcoitinne air.

Is táirge traidisiúnta é Spišská borovička a dhéantar i réigiún Spiš, a bhfuil cáil bainte amach aige sa tSlóvaic agus ar an gcoigríoch mar gheall ar a shaintréith shonrach, atá léirithe ina cháilíocht. Tá stair táirgthe aige a théann siar go dtí an dara leath den 18ú céad. Taispeánann léarscáil 1773 le Maor Batschek teach stile ag táirgeadh biotáille in aice le Caisleán Stará Ľubovňa. Tá borovička á tháirgeadh ag an drioglann in Spišská Belá ó bhí 1778 ann, mar is léir ó alt le Michal Popovič dar teideal '*Z dejín mesta Spišská Belá od konca 18. storočia do začiatku 20. storočia. Hospodárske pomery mesta v 18. a 19. storočí*' ['Ó annála bhaile Spišská Belá ó dheireadh an 18ú céad go dtí tús an 20ú céad. Geilleagar an bhaile san 18ú agus sa 19ú céad'], a bhí le feiceáil in *Spišská Belá, Vlastivedný zborník II* in 1972. 'Cé nár bunaíodh aon drioglann mhór, chuir muintir an bhaile lena n-ioncam trí bhrandaí agus biotáillí a dhriogadh ó amhábhair shaora intíre, is é sin prátaí agus grán. Is é seo [i.e. Spišská Belá] áit bhreithe shaindeoch an réigiúin, spišská borovička, a tháirgtear trí úsáid a bhaint as torthaí aiteal síorghlas.'

Ó bhí 1875 ann, lean drioglann Kleinberger, a tháirg Spišská borovička cáiliúil, de thraidisiún na drioglainne sin.

Leanadh den táirgeadh faoi chéad Phoblacht na Seicslóvaice, nuair a thuairiscigh alt nuachtáin le Michal Murcko go raibh drioglann Henrich Morgenbesser ag táirgeadh licéar, brandaí, rum agus borovička. Insíonn Eleonóra Simáková Uasal as Hniezdne, a d'oibrigh sa ghnólacht mar leabharchoimeádaí, gur don mhargadh áitiúil a táirgeadh an Spišská borovička sin.

In 1940 ghlac Róbert Pavlovský seilbh ar an ngléasra, agus tugadh 'Monarcha deochanna biotáilleacha den scoth, drioglann ardtoillte slivovice, borovička agus driogáití torthaí' ar an drioglann. Cuireadh an gnólacht faoi riarachán náisiúnta le hordú i 1946 ó choiste náisiúnta cheantar Stará Ľubovňa agus le hordú i 1948 ó Choimisiún Chomhairle Náisiúnta na Slóvaice um Bia agus Soláthar (SNR). Deimhnítear ardteicneolaíocht na drioglainne sin le plean den drioglann, tuairisc ar an trealamh driogtha agus ceartdealaithe, agus tuairisc ar tháirgeadh na biotáille agus an trealaimh chun driogáit aitil a tháirgeadh. Tar éis náisiúnú in 1948, aistríodh an trealamh sin chuig an bhfiontar náisiúnta Východoslovenské liehovary a likérky in Levoča, ar tugadh an Bean Bhán air ina dhiaidh sin. Bhí an mhonarcha bhunaidh suite i gcearnóg an bhaile in Stará Ľubovňa i dteach uimhir 17, ar leis an Uasal Marián Gurega anois é, úinéir ar ghnólacht GAS Familia, s. r. o. an lae inniu. Nuair a atógadh an foirgneamh in 2002, fuarthas doiciméid chuntasaíochta bharántúla.

Sonraíodh ainm na dí biotáillí 'Spišská borovička' in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gconradh déthaobhach a bhaineann leis an gComhaontú idir Poblacht Shóisialach na Seicslóvaice agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le tásca foinse, ainmniúcháin tionscnaimh agus ainmneacha geografacha eile an 19 Eanáir 1976 a chosaint agus in Iarscríbhinn B a ghabhann leis an gComhaontú idir Poblacht Shóisialach na Seicslóvaice agus Poblacht na hOstaire maidir le sonraí tionscnaimh, sonrúcháin tionscnaimh agus tásca eile táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha a chosaint an 20 Eanáir 1981.

Ag an am sin, bhí an tSlóvaic mar chuid den tSeicslóvaic, a scar an 1 Eanáir 1993 le bheith ina dhá stát neamhspleácha: Poblacht na Seice agus Poblacht na Slóvaice.

Leanadh den táirgeadh, d'fhan na dálaí nádúrtha mar an gcéanna agus tá an limistéar geografach sainithe, na coinníollacha agus an prionsabal atá mar bhonn taca faoin táirgeadh mar an gcéanna.

Is deoch bhiotáilleach thraidisiúnta é Spišská borovička a bhfuil cáil air ní hamháin i measc mhuintir na Slóvaice ach i measc cuairteoirí eachtracha go dtí an tSlóvaic freisin, a cheannaíonn an tsaindeoch sin le tabhairt abhaile mar bhronntanas.

Tagairt don tsonraíocht táirge

https://www.indprop.gov.sk/swift_data/source/pdf/Zmena_specifikacie_vyrobku_SB.pdf